# Polasaí Iontrála

Is ceart go gcuirfeadh gach tuismitheoir ainm an dalta ar Liosta Fiosrúcháin na Scoile, chomh luath agus is féidir.

Parents should ensure that the names of any prospective students be placed on the school's Correspondance List as soon as possible. Application Forms will be issued in the Autumn prior to the year of entry. Parents who have difficulty in fully understanding the Entrance Criteria as outlined below are welcome to ring the school for a full explanation.

## Crítéar Iontrála na Chéad Bhliana

**Ní mór foirmeacha iarratais chomhlánaithe a bheith sa scoil faoin sprioclá.**

## Cúlra

Is scoil lán-Gaeilge í Coláiste an Phiarsaigh a fhreastlaíonn ar chailíní agus ar bhuachaillí ó Ghaelscoileanna agus ó bhunscoileanna thraidisiúnta an cheantair. Glactar freisin le méid áirithe de dhaltaí cónaithe. Caithfidh gach dalta nua-chláraithe a bheith os cionn 12 bhliain d'aois faoin 1 ú Eanair na bliana tosnaithe.

## Critéar na Gaeilge

Caithfidh an scoil a bheith sásta go mbeidh lán-tacaíocht ar fáil ó aon iarrthóir nua maidir le sainmheon lán-Ghaeilge na scoile. Is ceart fianaise chruthaithe a bheith ar fáil a léiríonn meon/dearcadh/ cur chuige an dalta i leith na Gaeilge. Mar shampla:

- Fianaise freastal ar Chúrsa Samhraidh
- Fianaise teastais i leith na Gaeilge
- Fianaise ón mBunscoil nó aon Institiúd eile a léiríonn dul chun cinn/suim fé leith sa Ghaeilge
- Aon fhianaise neamhspleách eile a léiríonn suim agus cur chuige i leith cultúr agus labhairt na Gaeilge - mar shampla:Fáinní, Feis Maitiú, Gael Linn
- Cúlra Gaeilge an Teaghlaigh

---

## Córas Roghnaithe

Tabharfar tús áite d' iarrthóirí a bhfuil/raibh deartháir nó deirfiúr acu sa scoil. Sa chás go mbíonn nios mó iarratais ná mar a bhíonn d'áiteanna ar fáil cuirfear Critéir na Gaeilge i bhfeidhm ar dtús.

Déanfar líon áirithe áiteanna a tharaiscint gach bliain ar an dtuiscint gur daltaí cónaithe na daltaí sin.

Ina dhiaidh sin tabharfar tús áite d'iarrthóirí a chomhlíonann ar a laghad ceann de na coinníollacha thíos:

*Go bhfuil bliain amháin ar a laghad caite acu i Scoil na nÓg
*Go bhfuil freastal déanta acu ar bhunscoil a thacaíonn linn go bliantúil
*Go bhfuil freastal déanta acu ar aon Ghaelscoil sa cheantar

* Má bhíonn níos mó iarratais ó na scoileanna thuasluaite ná mar a bhíonn áiteanna ar fáil tabharfar tús áite do dhaltaí san ord seo a leanas:

1. a) leanbh (iar-)fhostaí
2. b) leanbh iardhalta
3. c) áit sa chlann

Arís cuirfear Critéar na Gaeilge i bhfeidhm ar dtús i leith gach ceann de na haicmí ó (a) go (c) thuas.

Dáilfear áiteanna chomh cothrom agus is féidir idir na scoileanna thuasluaite.

Déanfar líon na n-áiteanna a dháileadh, *pro rata,* ar scoileanna bunaithe ar an gcéatadán a thagann chughainn go traidisiúnta ó na scoileanna sin.

Sa chás go dteipeann orainn iarrthóirí a scagadh bunaithe ar an gcritéar thuasluaite cuirfear **an chéad dáta fiosrúcháin** san áireamh. Más gá cuirfear ar chrannaibh é.

Cuirfear liosta feithimh, más ann dó, le chéile bunaithe ar na crítéir thuasluaite.
Ní fhreastlóidh an liosta feithimh, ar dtús, ach ar iarratais a fuarthas faoin sprioclá.

Sa chás go mbíonn áiteanna sa bhreis ar fáil cuirfear na critéir thuasluaite san áireamh. Beidh buntáiste ag na daltaí is fearr a shásaíonn na critéir sin fad is bhíonn an scoil sásta lena ndearcadh i leith na Gaeilge. Cuirfear ar chrannaibh más gá é.

Dátaí Iontrála

Le Socrú